Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

11722/22

LIMITE

POLCOM 91
WTO 142
AGRI 356
UD 159
UK 121

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0230 (NLE)**

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018 thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ('an Comhaontú').

(2) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 12 Iúil 2022 le hinisiliú an Chomhaontaithe.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a shíniú, thar ceann an Aontais, de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích[1+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontuithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[+] Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 11724/22.



PUBLIC

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC